# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh. Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í. Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní luaitear ach na nathanna mórthábhachtacha ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna a chuirtear i leith an fhreagra an ghnóthú. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

## AONAD A hAON

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **CEANN AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A FHREAGAIRT.

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**CEIST 1. Freagair a) agus b).**

**1 A 1 a)** ***Is minic a léiríonn daoine a gcuardach ar bhrí na beatha trí shiombailí éagsúla a úsáid.***
**Mínigh cén fáth a n-úsáideann daoine siombailí go minic lena gcuardach ar bhrí na beatha a léiriú, agus déan tagairt do dhá shampla a ndearna tú staidéar orthu. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar úsáid teanga siombalaí mar fhreagra ar chuardach brí trí eolas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna a mbaintear úsáid as siombailí in dhá shampla de dhaoine atá ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- D'fhéadfadh le siombailí dóchas, eagla agus ionchais daoine i leith fulaingthe agus mortlaíochta a léiriú; e.g. Tá míniú ar fáil i mBosca Phandóra i Miotas Phroiméitéis ar an gcúis go bhfulaingíonn daoine etc.
- Is féidir le siombailí dul i ngleic leis an duine iomlán agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna maidir leis an mhaith agus an t-olc e.g. d'fhéadfadh le siombalachas an Bhaiste dul i bhfeidhm ar intleacht, ar shamhlaíocht agus ar mhothúcháin na ndaoine a ghlacann páirt ann; is siombail é an t-uisce ar bheatha nua lán le maitheas etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar na fáthanna a gcuardaíonn daoine brí na beatha ach ní dhéantar aon tagairt d'úsáid siombailí —Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**1 A 1 b) Déan próifíliú ar shampla amháin den chaoi inar fhorbair tuiscint aondiach ar Dhia i gcomhthéacs ina raibh an t-ildiachas go forleathan. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an aondiachas agus ar an ildiachas trí shampla amháin a thabhairt ar an gcaoi inar fhorbair tuiscint aondiach ar Dhia i suíomh a raibh cultúr ildiach ag daoine ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. Bunaíodh an Chríostaíocht ag am nuair a bhí an Phalaistín faoi riail na Rómhánach a raibh creideamh ildiach acu. Ba sa chomhthéacs seo a bhí Íosa ag seanmóireacht faoi thuiscint aondiach ar Dhia; roinn Íosa a fhís ar Ríocht Dé leo siúd a bhí eolach ar chultúr ildiach m.sh. Leigheas shearbhónta an Oifigigh Rómhánaigh ag Íosa etc.
- e.g. In aimsir Mhahamaid d'adhair muintir Mheice cuid mhór déithe; d'fhág Mahamad agus lucht leanúna beag le dul go Meidíne agus bhunaigh sé Ioslam go follasach mar chreideamh aondiach etc.

- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**CEIST 2.** **Freagair a) agus b).**

**1 A 2 a)**

***Ar chruthaigh Dia an domhan?***

**Mínigh conas a d'fhéadfadh teoiric eolaíochta nua-aimseartha faoin gcaoi ar cuireadh tús leis an domhan tionchar a imirt ar an bhfreagra a thabharfadh duine ar an gceist thuas.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas an iarrthóra dul i ngleic le ceisteanna móra na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi inar féidir le teoiric eolaíochta nua-aimseartha faoin gcaoi ar cuireadh tús leis an gcruinne dul i bhfeidhm ar an bhfreagra a thabharfadh duine maidir leis an gceist —Ar chruthaigh Dia an domhan?

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Teoiric na hOllphléisce: — mhol Georges Lemaitre 'hipitéis an adaimh chianaosta' — gur fhairsingigh an chruinne ó thús an-bheag, ó núicléas, a phléasc agus a d'fhairsingigh go tapa; d'fhéadfadh an teoiric seo amhras a chaitheamh ar thuiscint na beatha ina meastar gur cruthaitheoir é Dia, toisc go dtuigtear gur fhairsing an chruinne ó dhada; d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar dhaoine a bhreathnaíonn ar Dhia mar an gcéad chúis, an Cruthaitheoir nár cruthaíodh etc.
- Teoiric 'na Cruinne Fairsingíche' nó 'na Foistine' — mhol roinnt go raibh an chruinne i gcónaí ann agus gur seasmhach atá a fairsingiú; cruthaítear ábhar nua le go bhfanfaidh a dlús seasmhach de réir mar a fhairsingíonn an chruinne; is féidir leis an teoiric seo a bheith mealltach do dhaoine a thaobhaíonn le léirmhíniú reiligiúnach nó diaga ar bhunús na cruinne etc.
- Teoiric an 'Cheaptha Mheabhraigh' — Glacann an chosmeolaíocht seo go bhfuil éirim dhiaga taobh thiar de chruthú na cruinne ós rud é go bhfuil patrúin éirimiúla sa dóigh a n-oibríonn an chruinne; athneartaíonn sé seo tuiscint litheartha ar Gheineasas agus tuiscint reiligiúnach ar chruthú na cruinne etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar cad is féidir tionchar a bheith aige ar an bhfreagra a thabharfadh duine maidir leis an gceist (Ar chruthaigh Dia an domhan?) ach nach ndéantar tagairt léir ar theoiric eolaíochta nua-aimseartha faoin gcaoi ar cuireadh tús leis an gcruinne — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**1 A 2 b)** ***Samhlaigh go bhfuil tú ag glacadh páirte i ndíospóireacht ina bhfuil daoine ag plé ceisteanna faoi bhrí na beatha.***
**Scrúdaigh conas a thabharfaí faoi cheisteanna dá leithéid ó dhá cheann de na dearcthaí seo a leanas:** ● **AN tAGNÓISEACHAS**
● **AN RÉADUCHTACHAS** ● **AN DAONNACHAS SAOLTA** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar thréithe chruinneshamhlacha neamhreiligiúnacha trí fhéachaint go grinn ar an tionchar a bheadh ag dhá cheann de na cruinneshamhlacha neamhreiligiúnacha a liostaítear sa cheist thuas ar fhreagra duine ar chuardach bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Agnóiseachas – ní féidir le duine a bheith ar an eolas go bhfuil Dia ann – úsáidtear réasún agus an eolaíocht nuair atáthar ag cuardach bhrí na beatha; tugtar neamhaird ar chur chuige neamhréasúnach i leith an chuardaigh le haghaidh brí, etc.
- Réaduchtachas – bristear rudaí síos ina gcomhdhamhnaí is lú chun a fháil amach cad atá fíor; úsáidtear eolas modheolaíoch eolaíoch chun ceisteanna a fhreagairt faoi bhrí na beatha; féachtar ar reiligiún mar rud neamhábhartha agus, dá bhrí sin, mar fhoinse neamhiontaofa fírinne i gcuardach bhrí na beatha etc.
- An Daonnachas Saolta — D'fhéadfadh an smaoineamh daonnachach maidir le réasún agus eolaíocht a úsáid chun ceisteanna brí a fhreagairt a bheith mar spreagadh do dhaoine smaoineamh as a stuaim féin agus na rudaí a fhoghlaimítear ón eolaíocht a úsáid chun freagraí a fháil ar cheisteanna móra na beatha e.g. d'áitigh Albert Camus ar dhaoine ceartas agus dlúthpháirtíocht a shaothrú. Shíl Camus go bhféadfaí sochaí bhríoch a bhaint amach a luaithe is a d'aithneofaí dínit gach duine aonair agus a bheadh meas ar intleacht an duine ann etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.
Caitheann iarrthóir súil ghéar ar dhá chruinneshamhail neamhreiligiúnach a liostaítear sa cheist ach nach ndéantar tagairt léi ar thionchar an dearcaidh ar fhreagra duine maidir leis an gcuardach ar bhrí na beatha —Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

## AONAD A DÓ

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

**2 B a) Scrúdaigh cad a spreagann an tuiscint ar Íosa a léirítear in dhá íomhá d'Íosa atá le fáil in aon cheann díobh seo a leanas: ● AN EALÁIN ● AN SCANNÁNAÍOCHT ● AN LITRÍOCHT ● AN CEOL** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar íomhánna Íosatrí bhreathnú go géar ar na tionchair a bhí ann ar dhá bhealach ina léirítear Íosa in aon cheann díobh seo a leanas: an ealaín, an scannánaíocht, an litríocht nó an ceol.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ealaín e.g. léirítear Íosa san íomhá 'Jesus of the People' (le Janet McKenzie) mar dhuine a bhfuil róbaí dubha agus bána air agus ciorcal taobh thiar dá cheann a chuireann fáinne solais i gcuimhne dúinn; bhí an t-ealaíontóir ag iarraidh cur in iúl nach mbaineann Dia le grúpa eitneach nó inscne amháin etc.
- Scannánaíocht e.g. In 'The Passion of the Christ' le Mel Gibson cuirtear i láthair gur searbhónta fulangach Íosa; agus cuntais an tsoiscéil ar fhulaingt agus ar shlánú le linn uaireanta deiridh shaol Íosa mar fhoinse inspioráide dó etc.
- Litríocht e.g. sa dán 'Street Corner Christ' (Patrick Kavanagh) cuirtear Íosa i láthair mar fhear déirce ag díol bailéad;spreag cuntais an tSoiscéil faoi Íosa agus an chaoi a raibh roinnt ceannairí reiligiúnacha a linne ina aghaidh an dán;léirítear Íosa mar dhuine bocht gan aon chumhacht aige a shaibhríonn saol daoine i mbealach spioradálta etc.
- Ceol e.g. san amhrán 'No Religion' (Van Morrison) léirítear Íosa mar shlánaitheoir a chuir prionsabail dhúshlánacha faoi bhráid na ndaoine; bhí teagasc Íosa sa tSeanmóir ar an Sliabh mar inspioráid don amhrán seo etc.

*Tabhair ar aird:* Ceadaigh freagraí i gcás go scrúdaíonn iarrthóir go grinn dhá thionchar ar an mbealach ina léirítear Íosa in aon cheann díobh seo a leanas: an ealaín, an scannánaíocht, an litríocht nó an ceol.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**2 B b) Roghnaigh ceann amháin de na pobail Luath-Chríostaí thíos agus déan próifíliú ar an gcaoi a raibh tionchar ar stíl mhaireachtála na mball ag an tuiscint a bhí acu ar Íosa agus ar bhrí a bheatha.**
**● AN CHORAINT ● FILIPE ● TEASALOINICÉ** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar luathphobal Críostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar thionchar shaol Íosa ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach i gceann amháin de na luathphobail Chríostaí a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Choraint — bhí iontas orthu faoina rannpháirtíocht i gcleachtais neamhreiligiúnacha e.g. ag ithe feola a tairgeadh d'íola págánacha mar gheall ar a dtuiscint ar Íosa mar mhac Dé; mothaíodh aithreachas, maithiúnas agus athmhuintearas sa phobal mar gheall ar theagasc Íosa gur chóir do dhaoine a bheith airdeallach ar ghrá daoine eile, spreag an teagasc seo iad cabhrú leis na boicht agus leis an bpobal in Iarúsailéim etc.
- Filipe — a dtuiscint gurbh duine Giúdach a bhí in Íosa agus thaispeáin sé do dhaoine an chaoi ar chóir dóibh an saol a chaitheamh de réir Ríocht Dé, agus bíonn easaontas ann ar cheart dóibh traidisiúin nó deasghnátha Giúdacha a leanúint etc.
- Teasaloinicé — a dtuiscint ar Íosa mar Chríost, tuiscint a thugann le fios do roinnt daoine gur imeanach atá an téarnamh/ filleadh Íosa, d'ardaigh siad ceisteanna éagsúla mar sin, cuir i gcás an bhfuil aon ghá le hobair a dhéanamh nó pleananna a chur le chéile don todhchaí.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

**2 C a) Scrúdaigh cén struchtúr atá ar an údarás don phobal creidmheach in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**
**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS**
**◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS** **40M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar údarás in dhá mhór-reiligiún dhomhanda trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi ina n-eagraítear an chomhairle agus treoir a thugtar don phobal creidmheach in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas — níl aon údarás láir ann agus cuirtear béim ar údarás an eispéiris seachas ar chéim; múineann manaigh Bhúdaíocha agus tugann siad eiseamláir, déanann siad eadráin agus bíonn siad i bhfeighil ag deasghnátha; bheadh ard-mhanach nó ab ag Sangha ach níl mórán céimeanna taobh amuigh den Sangha etc.
- An Chríostaíocht — ag leibhéal áitiúil bíonn struchtúr an phobail bunaithe ar pharóiste agus ar dheoise; baineann eagraíocht an pharóiste le cultúr agus le sainchreideamh e.g. eagraíonn an chléir na paróistí sa traidisiún Caitliceach Rómhánach, d'fhéadfaidís cúnamh a fháil ó thuataí, bíonn an t-údarás ag an easpag agus ag an gcléir i struchtúr ordlathach etc.
- An Hiondúchas — Níl aon údarás teagaisc lárnach san Hiondúchas; baineann gach creidmheach a c(h)onair chreidimh agus adhartha féin amach, ag brath ar a c(h)umas agus a p(h)earsantacht féin; níl sé riachtanach go rachadh Hiondúch chuig teampall chun adhradh a dhéanamh, ach bíonn sé seo níos coitianta nuair a dhéantar féilte reiligiúnacha tábhachta a cheiliúradh; síltear go bhfuil sé tábhachtach cloí le nósmhaireachtaí agus struchtúir na sochaí etc.
- An tIoslamachas — Tá ról lárnach ag an bpobal san Ioslamachas agus níl aon údarás nó comhlacht ordlathach ann; bíonn gach dílseánach de chuid Ioslaim ar comhchéim lena chéile roimh Allah agus rialaíonn dlí Sharia saol an phobail, is éard atá sa dlí ná córas dlí bunaithe ar an gCórán agus na Hadith; eagraítear an pobal timpeall an mhosc áit a dtreoraíonn an t-iomám paidreacha etc.

- An Giúdachas — Tá ról lárnach ag an bpobal agus níl aon struchtúr ordlathach sa Ghiúdachas; eagraítear an pobal timpeall na sionagóige áit a mbunaítear údarás an raibí ar an bhfoghlaim léannta; toghann an pobal an raibí etc.

  Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**2 C b) Roghnaigh dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thíos agus cuir i gcomparáid le chéile searmanas reiligiúnach ón dá cheann a dhéanann ócáid thábhachtach ina scéal bunaidh a chomóradh go bliantúil.**
**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS**
**◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar dhá mhór-reiligiún dhomhanda trí chosúlacht agus/nó éagsúlacht a aithint i ndeasghnátha reiligiúnacha ina ndéantar scéalta bunaithe dhá mhór-reiligiún dhomhanda a liostaítear sa cheist a cheiliúradh go bliantúil.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Giúdachas agus an Hiondúchas e.g. lastar an meanóra Hanukkah/Chanukah ar an 25ú lá den naoú mí den fhéilire Giúdach chun ath-tiomnú an Teampaill ag na Macabaeigh a cheiliúradh; San Hiondúchas lastar lampaí gach bliain ag deireadh an fhómhair chun féile Díbheálaí a chomóradh; féile atá inti ina gceiliúrtar filleadh Rama agus Sita agus bua na maitheasa etc.
- An Búdachas & An Chríostaíocht e.g. déantar breith an Bhúda a cheiliúradh le deasghnátha reiligiúnacha ag an teampall; déantar ofrálacha bláthanna, bia agus coinnle; i mí na Nollag gach bliain nuair a cheiliúrann Críostaithe breith Íosa ag freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha, d'fhéadfadh go n-áireofaí beannú na mbronntanas a thugtar do charthanacht ar shampla de dheasghnátha reiligiúnacha na Nollag etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a) agus b).**

**2 D a) Déan próifíliú ar an gcaoi a bhfuil seanmóireacht Íosa i leith dhlí an ghrá agus an chaidrimh chuí le feiceáil sa lá atá inniu ann i dteagasc sainchreidimh Chríostaí faoi shaincheist mhorálta.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar dhearcthaí reiligiúnacha maidir le moráltacht tríd an tslí a bhféadfaí teagasc Íosa ar dhlí an ghrá agus an chaidrimh chuí a fheiceáil i dteagasc sainchreidimh Chríostaí mar gheall ar cad atá ceart agus mícheart i saincheist sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- e.g. Caitliceachas Rómhánach — Caritas in Veritate (2009); e.g. Eaglais na hÉireann — tá teagasc Íosa i leith dhlí an ghrá agus an chaidrimh chuí (grá Dé agus grá don chomharsa) le sonrú san obair a dhéanann an Fochoiste Ceartais Shóisialta agus Diagachta agus ina dteagasc ar an riachtanas le hoibriú ar son ceartais shóisialta trí obair charthanach a dhéanamh agus cabhrú le daoine eile i ngátar etc.
- Is féidir teagasc Íosa maidir le dlí an ghrá agus an chaidrimh chuí a choimriú sa ráiteas seo 'nithe ar bith ab áil libh daoine eile a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh', feictear é seo i saol Íosa agus a mhaithiúnas dóibh siúd a rinne géarleanúint air; bhí tionchar ag na teagaisc seo ar theagasc na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus na hEaglaise Anglacánaí ar thábhacht an éacúiméineachais i.e. oibríonn sainchreidimh le chéile chun deireadh a chur leis an seicteachas agus tuiscint níos cóngaraí a fháil ar an gcreideamh reiligiúnach agus ar chleachtas reiligiúnach etc.
- Etc.

Tabhair faoi deara: Leagann an t-iarrthóir eolas cruinn amach ar theagasc Íosa i leith dhlí an ghrá agus an chaidrimh chuí ach teiptear air/uirthi é a rianú le teagasc sainchreidimh Chríostaí faoi shaincheist mhorálta sa lá atá inniu ann —Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 D b) Ainmnigh teoiricí morálta amháin a ndearna tú staidéar air/uirthi agus tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist lena t(h)eoiric faoin bhforbairt mhorálta ón óige go haosacht. 40M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhorbairt mhorálta trí theoiricí morálta a shainaithint go cruinn agus trí fhaisnéis chruinn a thugann sé/sí ar na céimeanna den fhorbairt mhorálta ó aois an pháiste go haosacht a chuireann sé/sí chun cinn ina c(h)uid saothair.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Piaget: Leanaí — de ghnáth, tuigtear moráltacht mar rialacha a fhorchuireann daoine eile; de réir mar a éiríonn páistí níos eolaí ar dhaoine eile (agus iad 10 mbliana d'aois) áirítear le breithiúnais mhorálta tuiscint ar intinní daoine eile etc.
- Kohlberg: Céim Réamh-Choinbhinsiúnach – cinntear moráltacht ar dtús trí phionós a sheachaint; spreagtha ag luaíochtaí; Céim Choinbhinsiúnach – cinntear moráltacht toisc go bhfuiltear ag iarraidh dífhaomhadh a sheachaint; ag iarraidh cáineadh a sheachaint ó údarás; Céim Iar-Choinbhinsiúnach – tuigtear cóid mhorálta sheanbhunaithe agus leantar iad; bíonn breithiúnais spreagtha ag luachanna morálta pearsanta, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Tugann iarrthóir faisnéis ar chéimeanna den fhorbairt mhorálta ach ní dhéanann sé/sí ainm an teoiricí mhorálta lena mbaineann an saothar sin a shainaithint go cruinn — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## AONAD A TRÍ

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ **CEANN AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

## ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

**3 F a)**





| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Reiligiúin Dhomhanda:*** | **AN BÚDACHAS —** | **AN tIOSLAMACHAS —** | **AN GIÚDACHAS —** |
| ***Teagasca:*** | **NA CÚIG FHORAITHNE** | **LEASIONADAÍ AN DOMHAIN** | **AN tSABÓID, SCHMITTAH & AN IUBHAILE** |

**Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le teagasca dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas, agus déan tagairt don chaoi a mbíonn tionchar ag gach ceann acu ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theagasc mhór-reiligiún domhanda trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag teagasca dhá mhór-reiligiún dhomhanda a liostaítear sa cheist ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Búdachas – Teagascann na Cúig Fhoraithne go bhfuil gach beatha lómhar agus nasctha agus ba chóir aire a thabhairt di agus í a chosaint; bíonn tionchar aige seo ar stíl mhaireachtála na ndaoine a chreideann e.g. Cleachtann roinnt Búdaithe an teagasc seo trí bheith ina bhfoilsitheoirí etc.
- An tIoslamachas – De réir dlí Ioslamaigh meastar gur le gach ní beo eilimintí den nádúr agus mar sin is é 'leasionadaí an domhain' an dualgas sácráilte a thug Allah don chine daonna agus téann sé seo i bhfeidhm ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach etc.
- An Giúdachas – Tuiscint na Sabóide, léiríonn Schmittah agus an Iubhaile tuiscint gur le Dia an domhan, gur chun tairbhe an phobail atá táirgí na talún; bíonn tionchar ag an teagasc seo ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach e.g. tugann feirmeoirí Giúdacha aire do thorthúlacht na talún trí thalamh a fhágáil mar bhranar go minic etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**3 F b) Pléigh cé chomh héifeachtach is a bhí an neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus an neamhfhoréigean mar agóid chun síocháin a chur i réim i gcás coinbhleachta amháin a ndearna tú staidéar air. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhíseanna na síochánatrí fhéachaint go grinn ar agus conclúidí beachta a chur le chéile maidir le neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus an neamhfhoréigean mar agóid chun síocháin a chur i réim i gcás coinbhleachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Tagraíonn réiteach coinbhleachta don phróiseas chun réiteach buan a fháil ar agóid trí aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar riachtanais an dá thaoibh chun a sástachta araon;

neamhfhoréigean mar agóid ina go labhraítear amach go síochánta i gcoinne staid atá míchóir; tá gníomhartha síochánta an lucht agóide ceaptha cirte a gcúise a léiriú e.g. slógadh ag déanamh agóide go síochánta nó ag eagrú achainí in aghaidh cogaidh etc.

- Is stíl mhaireachtála é neamhfhoréigean a thugann comhtháthú domhain an 'neamhfhoréigin' i bhfealsúnacht bheatha an duine le fios e.g. bhain Gandhi úsáid as an neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus é ag réiteach coinbhleachta san India, chreid sé gur tríd an neamhfhoréigean amháin a d'fheicfeadh na daoine a bhí freagrach as an éagóir a gcuid botún; d'éirigh stíl mhaireachtála shíochánta Oscar Romero, a bhí ina easpag ar El Salvador, ina hagóid in aghaidh an fhoréigin agus na héagóra a chonaic sé agus é ag iarraidh cabhrú le muintir El Salvador a bhí faoi chos etc.
- Etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH

**Freagair a) agus b).**

**3 G a) ● DÍTHREABH ● OILITHREACHT ● POUSTINIA ● CÚRSA SPIORADÁLTA**
**Déan próifíliú ar fhorbairt dhá cheann de na cleachtais rinnfheithimh thuas, ón tslí ar thosaigh gach ceann díobh go dtí an tslí a ndéantar gach ceann díobh a chleachtadh sa lá atá inniu ann. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuid de na teicnící urnaí a úsáideann mórthraidisiúin reiligiúnacha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an mbealach inar athraíodh dhá cheann de na traidisiúin rinnfheithimh atá liostaithe sa cheist óna mbunús go dtí an fhoirm ina bhfuil siad sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Díthreabhacht — is díthreabhach é duine a chónaíonn ar an uaigneas ón tsochaí chun Dia a lorg san aonarachas; faoi dheireadh an tríú céad bhog siad siúd a raibh uathu gabháil do shaol an rinnfheithimh, scartha amach ó gach ábhar seachráin, go dtí an fásach chun cónaí leo féin e.g. léiríonn na suíomhanna díthreabhachta ag Gleann Dá Loch agus ar Na Scealaga an chaoi inar chónaigh daoine rinnfheithimh mar dhíthreabhach laistigh de shábháilteacht na mainistreach;tá mealltacht shaol an díthreabhaigh do dhaoine sa lá atá inniu ann le feiceáil i líon na ndaoine a théann ar cuairt chuig suíomhanna díthreabhachta in áiteanna cosúil le Gleann Dá Loch agus Naomh Aodhán i bhFearnaar feadh tréimhse ghairid etc.
- Oilithreacht — turas atá ann chuig ionad sácráilte a dtugtar fúithi ar chúiseanna reiligiúnacha; tugtar le tuiscint i bhfianaise sheandálaíochta go raibh Cruach Phádraig ina ionad oilithreachta san aimsir Réamh-Chríostaí; baineann sí le cleachtas rinnfheithimh toisc gur féidir le hoilithreacht a bheith ina gníomh aithrí; d'fhorbair an oilithreacht ó thuras fada agus dian a bhíodh de bhunús aithrí go gníomhaíocht le cabhrú le forbairt phearsanta agus spioradálta e.g. an Camino,oilithreacht bhliantúil Dhomhnach na Cruaiche chuig Cruach Phádraigetc.
- Poustinia — léiriú díthreabhachta mar go bhfuil sé ar an bhfocal Rúiseach ar 'dhíseart'; tá a bhunús sa Mheánoirthear, áit ar thosaigh an cleachtadh ag bogadh go dtí an díseart/fásach chun saol rinnfheithimh a chaitheamh, ag maireachtáil go haonaránach,

scartha amach ó gach seachrán; is áit é chun Dia a lorg agus chun an croí a oscailt do Dhia; d'fhorbair Catherine de Hueck Doherty an traidisiún i suíomh nua-aimseartha trí chóiríocht shimplí a chur ar fáil do dhaoine etc.

- Cúrsa spioradálta — is tréimhse scartha amach ó ghnáthamh agus ó ghnáthghníomhaíocht é cúrsa spioradálta chun díriú ar spioradáltacht, ar urnaí agus ar mhachnamh; tá a bhunús le fáil sa chuntas Soiscéil ar Íosa a chuaigh ar seachrán san fhásach i ndiaidh a bhaiste; ba thréimhse chun cúrsa spioradálta a bhí sa Charghas do mhanaigh ní ba dhéanaí; i ndiaidh an Dara Comhairle Vatacánach moladh do na tuataí tabhairt faoi chúrsa spioradálta chun saol rinnfheithimh a ghabháil etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5   4 > 2   1 > 0 | 20Mx2 |

**3 G b) Pléigh an ról atá ag urnaí de chineál mistiúil i mór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann, agus bíodh tagairt agat do shaothar aon mhistigh amháin a ndearna tú staidéar air/uirthi. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar phearsa ríthábhachtach de thraidisiún mistiúil trí fhéachaint go grinn ar agus conclúidí beachta a chur le chéile maidir le ról atá ag urnaí de chineál mistiúil i mór-reiligiún domhanda agus conas is féidir é a nascadh le saothar aon mhistigh amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil san aistear inmheánach a dtugann mistigh faoi lena mbaineann urnaí, machnamh agus troscadh de réir mar a théann siad ar lorg teagmháil phearsanta láithreach leis an Absalóid; tá an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil sna ceithre shaintréith a bhaineann leis an misteachas:
  - Do-inste i.e. tá sé eispéireasach – ní féidir é a thuiscint ach trí eispéireas amháin etc.
  - Intleachtúil i.e. faigheann duine eolas ar dhóigh a sháraíonn an intleacht. Déarfadh misteach go dtagann an t-eolas sin ó Dhia etc.
  - Neamhbhuan i.e. níl sé buan. Tá eispéireas mistiúil ina eispéireas nach maireann ach a fhéadann tarlú athuair. D'fhéadfadh sé go gcreideann misteach go bhfuil sé neamhbhuan mar gurb é Dia a thugann an t-eispéireas mistiúil mar thabhartas etc.
  - Éighníomhach i.e. ní fhéadann duine eispéireas mistiúil a chruthú; tuigtear gurb é Dia foinse agus bunús na n-eispéireas misteach etc.

  Is ról amháin atá ag an gcineál urnaithe seo i reiligiún domhanda go ndeimhnítear creideamh na ndaoine a chreideann ós rud é go dtéann an duine iomlán i ngleic leis an ngné spioradálta den bheatha etc.
- An Chríostaíocht e.g. Thomas Merton — manach Cistéireach a bhí ann, ar chuidigh a dhírbheathaisnéis spioradálta 'The Seven Story Mountain' le creideamh daoine eile mar gheall ar an treoir spioradálta agus an léargas a bhí aige ann; e.g. Naomh Treasa d'Avila, bean rialta Cairmeileach, bhíodh eispéiris mar arduithe maighnéadacha, físeanna agus néalta spioradálta aici; chabhraigh Eoin na Croise léi mainistir a bhunú ag Avila; chuir sí athruithe i bhfeidhm san ord Cairmeileach agus ba í an chéad duine le céimeanna an eispéiris mhistiúil a chur i gcatalóg etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

## ROINN I  REILIGIÚN: TAITHÍ NA HÉIREANN

**Freagair a) agus b).**

**3 I a) Tabhair breac-chuntas ar shampla amháin d'fhianaise sheandálaíochta áitiúil nó náisiúnta de chreideamh agus de chleachtas reiligiúnach in Éirinn i ré na Réamh-Chríostaíochta. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhunús ársa an reiligiúin in Éirinn trí eolas cruinn a leagan amach ar chreideamh agus ar chleachtas atá le sonrú i sampla amháin seandálaíochta ón aimsir Réamh-Chríostaí in Éirinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Toibreacha beannaithe e.g. mar go bhféachtar ar uisce mar ní a thugann beatha is dócha gur ionaid adhartha do dhiachtaí áitiúla a bhí i dtoibreacha, bhí áiteanna beannaithe ag Ceiltigh na hÉireann ón gcúigiú haois a bhain le fuaráin, le toibreacha agus le haibhneacha; tagann go leor logainmneacha sna háiteanna seo ón bhfocal 'Tobar' etc.
- e.g. Brú na Bóinne — ailínithe le grianstad an gheimhridh b'fhéidir go mbaineann sé seo le creideamh go raibh na Déithe i gceannas ar an ngrian; d'fhéadfaí an suíomh i mBrú na Bóinne a nascadh le deasghnátha a dhírigh ar an saol eile toisc go bhfuil luaithreach créamtha daoine le fáil ann etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

**3 I b) Scrúdaigh an chaoi a bhfuil patrún an chreidimh reiligiúnaigh ag athrú san Eoraip sa lá atá inniu ann, agus bíodh tagairt agat don tionchar atá ag an dí-eaglaisiú agus ag an dí-eaglaiseachas. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phatrúin an chreidimh agus iad ag athrú trí fhéachaint go grinn ar phatrúin an chreidimh reiligiúnaigh ag athrú san Eoraip ag tagairt don tionchar atá ag an dí-eaglaisiú agus ag an dí-eaglaiseachas ar na patrúin sin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Léirítear i suirbhéanna go mbreathnaítear ar an reiligiún mar ábhar príobháideach e.g. EVS, Suirbhé vótála Red C, Y2K etc. sonraítear gur tháinig meath ar líon na gCríostaithe gníomhacha tiomanta, agus go bhfuil freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha faoin tuath níos airde ná iad sin i gceantair uirbeacha; mar sin féin tá rátaí creidimh agus cleachtaidh reiligiúnaigh níos airde in Éirinn ná mar atá siad in áiteanna eile san Eoraip etc.
- Ceiliúrann daoine ar fud na hEorpa imeachtaí tábhachtacha sa saol le deasghnátha reiligiúnacha; e.g. ceiliúrtar 60% de ghnásanna túsghabhála; 70% de chéad phóstaí agus 80% de shochraidí i séipéal; tá patrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn cosúil le

tíortha eile a bhíodh Caitliceach Rómhánach go traidisiúnta e.g. an Pholainn agus Málta etc.; guíonn go leor daoine in Éirinn inniu go laethúil agus glacann siad páirt i liotúirgí go minic; tá Éire difriúil ó iarthíortha cumannacha ó thaobh rátaí comhcheangal reiligiúnach de e.g. 1999 - 2000 bhí ráta dícheangail breis agus 60% ag Poblacht na Seice / bhí ráta na hÉireann ag 9% (EVS) etc.

- An claonadh le breathnú ar an reiligiún mar ábhar príobháideach, d'fhéadfadh sé sin cur le dí-eaglaisiú de réir mar a imíonn an reiligiún ón réimse poiblí etc.
- De réir dí-eaglaiseachas ré na gCumannaithe níor chóir go mbeadh aon tionchar ag an reiligiún ar an bpobal agus is dócha go gcleachtann níos lú daoine in áiteanna a bhfuil beartas mar sin fós etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Freagair a) agus b).**

**3 J a) Scrúdaigh an éifeacht a bhí ag ceann amháin ar bith de smaointe Descartes ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht. 40M**

*Critéir Mharcála:*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phríomhócáid sa ghaol idir an eolaíocht agus an diagacht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag ceann amháin de smaointe Descartes ar an ngaol idir an eolaíocht agus an diagacht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Tuairim Descartes maidir le deighilt na meabhrach ón gcorp agus gurbh é réasún an duine an bealach ceart leis an bhfírinne a fháil agus ceapadh mar sin nach raibh aon tábhacht ag baint le smaointe ar Dhia níos mó (imeacht Dé); bhí roinnt ceannairí reiligiúnacha amhrasach faoin eolaíocht, ag breathnú uirthi mar ní nach raibh aon Dia ag baint léi agus díreiligiúnach; thug roinnt eolaithe neamhaird ar an reiligiún toisc gur síleadh nach raibh aon fhiúntas ag baint leis mar dhisciplín acadúil etc.
- Tuairim Descartes gur trí sceipteachas amháin a d'fhéadfaí a bheith cinnte faoi aon rud, bhí daoine amhrasach faoi gach uile rud mar sin agus bhí an tuairim seo ina chúis le feachtas i gcomhair cur chuige eolaíoch córasach maidir leis an saol inar bhreathnaigh daoine ar an eolaíocht amháin chun mistéir na beatha a réiteach etc.
- Thosaigh Descartes 'Ré an Réasúin'; a raibh féinmhuinín ina gné di — go bhféadfaí rúin an tsaoil a aimsiú trí chumhacht na meabhrach amháin; bhí teannas sa chaidreamh idir an reiligiún agus an eolaíocht de réir mar a shíl daoine go raibh siad ina 'máistir ar na héisc san fharraige, ar éin na néimhe agus ar na hainmhithe beo uile ar an domhan', in áit breathnú orthu féin mar chosantóirí etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

**3 J b) Déan próifíliú ar fhreagairt reiligiúnach amháin a bhí ann mar gheall ar smaointe Darwin nuair a foilsíodh a theoiric éabhlóide den chéad uair. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an reiligiún agus ar an eolaíocht trí chuntas cruinn a thabhairt ar fhreagra reiligiúnach amháin ar theoiric Darwin faoin éabhlóid ar an tuiscint nuair a foilsíodh i dtosach í.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Níor shíl roinnt cléireach in Eaglais Shasana gur tháinig an teoiric seo faoin éabhlóid salach ar an gcreideamh Críostaí, bhí siad den tuairim gur leagadh béim ar imeanacht Dé inti; mhol an cléireach Anglacánach Charles Kingsley, gur gníomh uasal de chuid Dé a bhí ann nuair a chruthaigh sé créatúir a bheadh in ann iad féin a fhorbairt; d'áitigh Kingsley go dtugann a theoiric féin le fios go raibh Dia ní ba pháirtí i gcruthaíocht an nádúir ná mar a léiríodh i smaointeoireacht eolaíoch go dtí sin etc.
- Bhí freagra diúltach ag roinnt ceannairí reiligiúnacha e.g. An tEaspag Wilberforce, ar smaointeoireacht Darwin, shíl siad gur tháinig an smaoineamh ar éabhlóid ó fhoirmeacha primitíbheacha salach ar an teagasc gurbh in íomhá agus i gcosúlacht Dé a cruthaíodh daoine; an díospóireacht in Oxford idir an tEaspag Oxford agus Samuel Wilberforce, agus T. H. Huxley, ina sampla ar an ngaol sáraíochta idir an reiligiún agus an eolaíocht etc.
- Shíl an Protastúnachas soiscéalach agus bunchreidmheach gur masla uafásach a bhí sa ráiteas gur ó shinséar aonair le hathruithe beaga thar ama a tháinig gach uile cineál beatha; tagann an íomhá éabhlóideach seo ar an nádúr salach ar léamh litriúil an scrioptúir agus síleadh gur bhréagnaigh sí an teagasc gurbh in íomhá agus i gcosúlacht Dé a cruthaíodh daoine etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

**Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge**

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

Tábla I Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

Religious Education – Higher & Ordinary Level Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais | | Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|---|---|---|
| 241 - 243 | 23 | | 281 - 283 | 11 |
| 244 - 246 | 22 | | 284 - 286 | 10 |
| 247 - 250 | 21 | | 287 - 290 | 9 |
| 251 - 253 | 20 | | 291 - 293 | 8 |
| 254 - 256 | 19 | | 294 - 296 | 7 |
| 257 - 260 | 18 | | 297 - 300 | 6 |
| 261 - 263 | 17 | | 301 - 303 | 5 |
| 264 - 266 | 16 | | 304 - 306 | 4 |
| 267 - 270 | 15 | | 307 - 310 | 3 |
| 271 - 273 | 14 | | 311 - 313 | 2 |
| 274 - 276 | 13 | | 314 - 316 | 1 |
| 277 - 280 | 12 | | 317 - 320 | 0 |

**Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála Ardleibhéil do gach ceist —**

| TUAIRISCÍN NA CEISTE | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | GO MAITH | RÉASÚNTA | LAG | AN-LAG | GAN AON GHRÁD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA / CHUSPÓIRÍ / THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHA NACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN FIANAISE | FÍORBHEAGÁN /GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | ÁBHARTHA GO HIOMLÁN AGUS GO SOILÉIR | ÁBHARTHACHT SHOILÉIR | ÁBHARTHA GO GINEARÁLTA | ÁBHARTHACHT THEORANTA | BEAGÁN ÁBHARTHACHTA | FÍORBHEAGÁN ÁBHARTHACHTA | GAN AON ÁBHARTHACHT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT EARRÁIDÍ | GO LEOR MÓR-EARRÁIDÍ | GO LEOR LEOR MÓR-EARRÁIDÍ | ÚSÁID MÓR-EARRÁIDÍ |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL LE SCIL(EANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ROINNT ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta* 2016 – S 92/14

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar **aon** teideal amháin, glactha ó Roinn E *nó* ó Roinn H.

### *ROINN E: AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE*

**E. 1 Iniúchadh ar mhéid an tionchair a bhíonn ag inscne duine ar na róil a imríonn sé/sí laistigh de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**

**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT**
**◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN TIOSLÁMACHAS**
**◆ AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar ról na bhfear agus ar ról na mban i dtraidisiúin reiligiúnacha trí fhéachaint go grinn ar an tionchar a bhíonn ag inscne an duine ar an ról a bheadh aige/aici i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa teideal.

**E. 2 Fiosrúchán faoin tionchar a bhí ag an gcaoi ar chaith Íosa le mná ar an ról a d'imir siad i luathphobal Críostaí amháin, mar a chuirtear i láthair sna Scrioptúir Chríostaí é.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar ról na mban i luathphobal Críostaí trí scrúdú a dhéanamh ar na Scrioptúir Chríostaí agus conclúidí beachta a chur le chéile maidir le tionchar Íosa, agus an chaoi inar chaith sé le mná, ar an ról a bhí acu i luathphobal Críostaí amháin.

### *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA*

**H.1 ● Na hOibrithe san Fhíonghort (Matha 20:1-16)**
**● An Síoladóir (Matha 13:1-9)**
**● An Deichniúr Maighdean (Matha 25:1-13)**
**● An Rógaire Maoir (Lúcás 16:1-13)**

**Cás-staidéar ar conas a chuaigh an úsáid a bhain Íosa as an scéalaíocht i gceann amháin de na parabail thuas i gcion ar an gcéad lucht éisteachta agus ar luathphobal Críostaí.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas mionsonraithe ar téacsanna áirithe ón mBíobla trí fhéachaint go grinn ar scéal amháin a d'inis Íosa agus conclúidí beachta a chur le chéile ar an gcaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an gcéad lucht éisteachta i luathphobal Críostaí.

**H.2 *Is féidir leis an bhfocal scríofa na rudaí a tharla san am a chuaigh thart a chaomhnú agus pictiúr a dhéanamh de na rudaí a d'fhéadfadh tarlú.* Measúnú ar an bhfianaise leis an ráiteas seo sna cúiseanna ar cuireadh síos ar an mBíobla mar théacs 'clasaiceach'.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an mBíobla mar théacs clasaiceach trí mheasúnacht a dhéanamh go cruinn ar an ráiteas gur féidir leis an bhfocal scríofa na rudaí a tharla san am a chuaigh thart a chaomhnú agus pictiúr a dhéanamh de na rudaí a d'fhéadfadh tarlú agus faoi mar a d'fhéadfaí breathnú air sin mar chuid de sheánra liteartha an Bhíobla.

**Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach - Ardleibhéal**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní.
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa.
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. (Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí – CNCM leathanach 211)

Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar aon teideal amháin. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú. Más mian le hiarrthóirí an obair chúrsa a léiriú, is féidir é sin a dhéanamh sa spás bán ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ardleibhéil: Cuid A – Achoimre ar an Iniúchadh ar Theideal Roghnaithe 2016***

| | TUAIRISCEOIR CHUID A: | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | GO MAITH | RÉASÚNTA | LAG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | FIANAISE AR **CHRITÉIR MHARCÁLA DO THEIDIL 2016** (eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas) **CÓD MC** | FIANAISE FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE IMLEOR SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE BHOCHT / GAN SHUBSTAINTIÚIL |
| | | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| ***Pointí a Thugtar Cuid A*** | **FOINSÍ EOLAIS AR THEIDEAL 2016. CÓD SI** | FIANAISE SUBSTAINTIÚIL | ÚSÁID MHAITH MAITH | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS/ GAN EOLAS |
| | EOLAS AR NA **BEARTA A RINNEADH AGUS AR NA SCILEANNA A ÚSÁIDEADH AR THEIDEAL 2016** (*taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh*) **CÓD SS** | EOLAS FIANAISE MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA SOILÉIR | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS/ GAN EOLAS |
| | **ACHOIMRE AR THORTHAÍ AR THEIDEAL 2016** (*an cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air nó eolas a shórtáil agus eagar a chur air nó tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.*) **CÓD SF** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH. | SAOTHAR FIÚNTACH | SAOTHAR BREÁ | PÍOSA LEORDHÓTHANACH SAOTHAIR | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH / NEAMHÁBHARTHA. |
| | | ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA | ACHOIMRE MHIONSONRAITHE | ACHOIMRE GHINEARÁLTA | ACHOIMRE THEORANTA IMLEOR | ACHOIMRE BHOCHT / GAN ACHOIMRE |
| | **FIANAISE TACAÍOCHTA** DO CHONCLÚIDÍ A BHAINTEAR. | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ | FIANAISE AN-MHAITH TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ | ROINNT TACAÍOCHTA GINEARÁLTA FIANAISE DO CHONCLÚIDÍ | FIANAISE THEORANTA TACAÍOCHTA IMLEOR AR CHONCLÚIDÍ | BEAGÁN / GAN FIANAISE TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ |
| | **GABHÁIL PHEARSANTA** LE TEIDEAL 2016. | GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | GABHÁIL PHEARSANTA GHINEARÁLTA ÉIGIN | GABHÁIL PHEARSANTA THEORANTA IMLEOR | GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR / GAN GABHÁIL PHEARSANTA |

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ardleibhéil: Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar an eispéireas a fuarthas trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2016***

| | | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **TUAIRISCEOIR CHUID B:** | | | | | | |
| FIANAISE AR ***chritéir mharcála do theidil 2016*** *(eolas; tuiscint; scileanna ; DEARCTHAÍ MAR A BHAINEANN SIAD LEIS AN SIOLLABAS)* CÓD **MC** | | FIANAISE IOMLÁN, CHRUINN, SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE IMLEOR SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE BHOCHT / GAN SHUBSTAINTIÚIL |
| | | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| *Ceisteanna a Chuirtear i gCuid B.* | **Úsáid scileanna** ar Theideal 2016 (taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas, measúnú) **Cód S** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL SCILEANNA | ÚSÁID AN-SOILÉIR AS SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR / GAN AON ÚSÁID AS SCILEANNA |
| | Cén fáth a raibh **spéis** agam i dteideal 2016? (*díograis / imní*) **Cód I** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH MÍNIÚCHÁN SUBSTAINTIÚIL SPÉIS PHEARSANTA AN-SOILÉIR | SAOTHAR FIÚNTACH MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE SPÉIS PHEARSANTA SHOILÉIR | SAOTHAR BREÁ MÍNIÚCHÁN GINEARÁLTA MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA ÉIGIN | SAOTHAR IMLEOR MÍNIÚCHÁN IMLEOR SPÉIS PHEARSANTA | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/NEAMHÁBHARTHA BEAGÁN ÁBHARTHACHTA/GAN AON ÁBHARTHACHT BEAGÁN/GAN AON SPÉIS PHEARSANTA |
| | Cé na **peirspictíochtaí difriúla** ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa á déanamh ar theideal roghnaithe 2016? *(an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas; an cumas frithargóintí a fhorbairt)* **Cód P** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT IMLEOR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | BEAGÁN SAINAITHEANTA / GAN AON SAINAITHINT AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ |
| | Cé na **ceisteanna** a tháinig chun cinn trí obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2016? *(an cumas údarás foinsí difriúla eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim).* **Cód Q** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR CEISTEANNA | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN CEISTEANNA | SAINAITHINT IMLEOR CEISTEANNA | BEAGÁN SAINAITHEANTA CEISTEANNA / GAN AON SAINAITHINT CEISTEANNA |
| | Cé na **dearcthaí pearsanta** a fuarthas trí obair chúrsa a dhéanamh ar theideal roghnaithe 2016? *(an cumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine)* **Cód PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA ÉIGIN | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA IMLEOR | BEAGÁN CUR SÍOS/ GAN AON CHUR SÍOS GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR |
| | Céard é an rud **ba luachmhaire** a bhain leis an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo? **Cód V** | MEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ AN-MHAITH LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ GINEARÁLTA LENA MBAINEANN LUACH | FIANAISE LENA MBAINEANN LUACH | BEAGÁN MEASÚNAITHE /GAN AON MHEASÚNÚ LENA MBAINEANN LUACH |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán